Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 2 Nollaig 2021
(OR. en)

14415/21

**Comhad Idirinstitiúideach:
2021/0270(COD)**

**CODEC 1562
AGRI 593
AGRIFIN 152
AGRIORG 141
AGRISTR 87
STATIS 52**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | An Coiste Speisialta um Thalmhaíocht / An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/1091 a mhéid a bhaineann le ranníocaíocht an Aontais do staidreamh comhtháite feirme faoi chreat airgeadais 2021-2027 **(an chéad léamh)**<br>– Glacadh an ghnímh reachtaigh |

1. An 12 Lúnasa 2021, chuir an Coimisiún a thogra[1], atá bunaithe ar Airteagal 338 CFAE, ar aghaidh chuig an gComhairle.

2. An 23 Samhain 2021, ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh maidir leis an togra ón gCoimisiún. Is léiriú é toradh na vótála i bParlaimint na hEorpa ar an gcomhréiteach a baineadh amach idir na hinstitiúidí maidir le ceannas a ghlacadh ar an togra ón gCoimisiún agus ba cheart, dá bhrí sin, go mbeadh glacadh ag an gComhairle leis[2].

[1] 11271/21.
[2] 14178/21.

3. Iarrtar ar an gCoiste Speisialta um Thalmhaíocht, dá bhrí sin, a dhearbhú go n-aontaíonn sé leis sin agus iarrtar air a mholadh don Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, mar a leagtar amach in
PE-CONS 70/21 é, a fhormheas mar ítim 'A' ag ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo.

4. Má fhormheasann an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, glacfar an gníomh reachtach.

   Nuair a bheidh an gníomh reachtach sínithe ag Uachtarán Pharlaimint na hEorpa agus ag Uachtarán na Comhairle, foilseofar in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* é.